

An Coiste Tréadach - Tuairisc Oibre 2018

Cathaoirleach: An tAthair Pádraig Ó Baoill SP

Rúnaí: Caitriona Uí Chatháin

Cisteoir: Dónall Ó Conaill

Comhaltaí: An tAthair Liam Ó Cuív Adm., E.V.; an Bráthair Dónal Ó hÉalaithe CFC; an tSiúr Mairéad Ní Bhuachalla RSC (séiplíneach meánscoile); Aideen McBride (séiplíneach bunscoile); Paula Ní Shlatara agus Giollamuire Ó Murchú (ar son *Phobal an Aifrinn*).

Misean

Bunaíodh an Coiste sa bhliain 2000 lena chinntiú go mbeadh fáil ar an Aifreann Domhnaigh agus an liotúirge i nGaeilge i ngach dúiche den Ard-Deoise. Rinneadh an cúram sin a athdhearbhú sa bhliain 2016 i litir ón Ard-Easpag Diarmuid Máirtín nuair a d'iarr sé “*go gcothófar an liotúirge trí Ghaeilge san Ard-Deoise agus go gcuirfear leis i ngach slí is féidir*”, agus dhearbhaigh sé polasaí na hArd-Deoise “*nach gcuirfí ar ceal aon Aifreann Gaeilge gan dul i gcomhairle liomsa agus leis an gCoiste Tréadach.*”

Gnó an Choiste

Tá an tAthair Ó Baoill ina Chathaoirleach ó Mhí Deireadh Fómhair 2017 i leith.

Bhí ocht gcrúinniú ag an gCoiste i 2018: ar 16 Eanáir; 13 Feabhra; 10 Aibreán; 8 Bealtaine; 12 Meitheamh; 25 Meán Fómhair; 30 Deireadh Fómhair; agus 4 Nollaig. Tionóladh iad i gColáiste Chluain Life.

Liotúirgí

I rith na bliana, lean an Coiste dá ghnáth-dhualgais: ag riar na liotúirgí seachtainiúla agus eile atá faoi chúram an Choiste féin, in Aireagal an Aiséirí, Ard Aidhin agus in Eaglais Naomh Eoin Soiscéalaí, Paróiste Bhaile an tSaoir, agus ag cuidiú le heagrú rótaí sagart do na heaglaisí eile atá ainmnithe mar phríomhionaid do na hAifrinn Ghaeilge.

I gcás na lár-shearmanas bliantúla, Tréan na Cásca agus Oíche Nollag, ag Aireagal Ard Aidhin agus ag Eaglais Choláiste na hOllscoile, Belfield, ón Nollaig 2018 ar aghaidh tá an Coiste ag cinntiú go mbeadh soláthar sagart sa dá ionad

Leis seo tá liosta de na hAifrinn i nGaeilge san Ard-Deoise, na príomhionaid san áireamh.

Mar is nós ó 2007, d’eagraigh an Cathaoirleach Aifreann laethúil i nGaeilge i rith an Charghais, i Séipéal na Sacraiminte Beannaithe, Siúlán Bhaitsiléir, i lár na Cathrach, Luan go hAoine ag 1.15 p.m. Rinne naonúr sagart as na paróistí agus as na hoird rialta, na hAifrinn seo a cheiliúradh ina dturas.

Shocraigh an Cathaoirleach go mbeadh ceiliúraithe ar fáil do Ghaelscoileanna na Deoise do Shacraimint an Athmhuintearais agus an Chéad Chomaoineach agus freisin do Shearmanas an tSolais agus do Shacraimint an Chóineartaithe.

Fógraíocht

Rinne an Coiste fógraíocht, mar is gnách, trí Oifig Cumarsáide na Deoise, ar na liotúirgí bliantúla i nGaeilge - Tréan na Cásca agus Aifreann na Gine, Oíche Nollag - i Séipéal na hOllscoile, Belfield, ag freastal ar Dheisceart na Cathrach, agus in Aireagal an Aiséirí, Ard Aidhin don taobh ó thuaidh. Rinne an Coiste fógraíocht freisin faoi cheiliúradh Aifreann i nGaeilge ar Fhéile Pádraig, gur nós anois é i gcúig eaglais is fiche.

Comhoibriú

Chuidigh an cumann tacaíochta *Pobal an Aifrinn* le hobair an Choiste mar is ghnách, le fógraíocht, agus le soláthar meitheal tacaíochta le cuidiú ag Aifrinn an Charghais. Chomh maith, d’eagraigh *Pobal an Aifrinn* liotúirgí Thréan na Cásca agus Aifreann na Gine, Oíche Nollag i mBelfield. Chomh-eagraigh *Pobal an Aifrinn* le *Cumann Gaelach na hEaglaise* (de chuid Eaglais na hÉireann), an tseirbhís bhliantúil idirchreidmheach i nGaeilge in Ard-Teampall Chríost, i mí Eanáir, mar chuid de Sheachtain Urnaí d’ Aontacht na gCríostaithe.

Foilseacháin

I 2017, d’fhoilsigh an Eaglais an leagan nua Gaeilge den Aifreann, *an Leabhar Aifrinn Rómhánach*.

I 2012, d’fhoilsigh an Coiste Tréadach *An tAifreann Naofa*, leabhrán dátheangach le téacs nua an Aifrinn i nGaeilge agus i mBéarla, le rogha Paidreacha Eocairisteacha, (Paidreacha Eocairisteacha d’Aifrinn le páistí san áireamh), móide dlúthdiosca le fuaimrian an Aifrinn Ghaeilge, mar áis do shagairt. Dáileadh an leabhrán agus a dhiosca ar shagairt na hArd-Deoise ag an am, ach tá fáil ar chóipeanna i gcónaí.

I rith 2017 d’ullmhaigh an Coiste *Cárta Guí* i nGaeilge do lucht na Chéad Comaoineach, ina bhfuil paidreacha feiliúnacha le rá roimh an Chomaoineach Naofa agus ina dhiaidh. Dáileadh na cártaí seo ar Ghaelscoileanna Ard-Deoise Átha Cliath mar cheiliúradh ar Bhliain an Teaghlaigh.

Tá leabhrán ar Shacraimint na Faoistine ullmhaithe ag an gCoiste. Treoir do mhúinteoirí, shéiplínigh, pharóistí agus do thuismitheoirí a bheadh ag ullmhú páistí don Chéad Fhaoistin, atá sa leabhrán. Nuair a fhoilsítear é cuirfear ar fáil é do Ghaelscoileanna na hArd-Deoise agus taobh amuigh di.

An Coiste Tréadach – Report of Activities in 2018

Chair: Fr. Pádraig Ó Baoill P.P.
Secretary: Caitriona Uí Chatháin
Treasurer: Dónall Ó Conaill
Members: Fr. Liam Ó Cuív Adm., E.V.; Br. Dónal Ó hÉalaithe CFC; Sr. Mairéad Ní Bhuachalla RSC (secondary school chaplain); Aileen McBride (primary school chaplain); Paula Ní Shlatara and Giollamuire Ó Murchú (for *Pobal an Aifrinn*).

Mission

The Committee was founded in the year 2000 to ensure that Sunday Mass and liturgy in Irish is available in every district in the Archdiocese. This responsibility was reaffirmed by Archbishop Diarmuid Martin in 2016 when he asked “*that the celebration of the liturgy in the Irish language in the Archdiocese be fully facilitated and enhanced*” and affirmed the policy of the Archdiocese “*that no Irish Masses be discontinued without consultation with me and with An Coiste Tréadach.*”

Committee business

Fr Padraig Ó Baoill has been Chair of the Committee since October 2017.

An Coiste held eight meetings in 2018: on 16 January; 13 February; 10 April; 8 May; 12 June; 25 September; 30 October and 4 December. These were held in Clonliffe College.

Liturgies

During the year An Coiste carried out its regular duties: administering the weekly and other liturgies which are under An Coiste's own care, at the Oratory of the Resurrection, Artane, and at the Church of St John the Evangelist, Ballinteer, and helping to organise rotas of priests for the other churches named as principal venues for Masses in Irish.

With regard to the annual ceremonies, the Easter Triduum and Christmas Eve liturgies, at the Oratory in Artane and at Our Lady Seat of Wisdom Church in UCD, Belfield, An Coiste Tréadach is ensuring a supply of priests in the two centres since Christmas 2018.

A list of Masses in Irish in the Archdiocese, which includes Masses in the principal venues, is attached.

As is the custom since 2007, the Chair arranged daily Mass in Irish during Lent, in the Blessed Sacrament Chapel, Bachelor's Walk, in the city centre, Monday to Friday at 1.15 pm. Nine priests from the parishes and from the religious orders, took turns to celebrate these daily Masses.

The Chair organised celebrants for First Communion and the Sacrament of Reconciliation in Gaelscoileanna in the Diocese as well as celebrants for the Ceremony of Light and the Sacrament of Confirmation.

Publicity

An Coiste continued to publicise, through the Diocesan Communications Office, the annual Irish language liturgies: the Easter Triduum and Mass on Christmas Eve, in University Church, Belfield for the Southside and in the Oratory of the Resurrection, Artane, for the Northside. An Coiste also publicised the celebration of St. Patrick's Day Mass in Irish, a custom now in twenty five churches.

Co-operation

The support society *Pobal an Aifrinn* assisted as usual with An Coiste's work: with publicity, and by providing a support group to assist at the Lenten Masses. *Pobal an Aifrinn* also organised the Easter Triduum and Christmas Eve liturgies at Belfield. *Pobal an Aifrinn* jointly organised, with *Cumann Gaelach na hEaglaise* (of the Church of Ireland) the annual interdenominational January service in Irish during the Week of Prayer for Christian Unity, at Christchurch Cathedral.

Publications

In 2017, the church published the new Irish language version of the Mass, *An Leabhar Aifrinn Rómhánach*.

In 2012, An Coiste published *An tAifreann Naofa*, a bilingual booklet with the new Mass text in Irish and in English, with a range of Eucharistic Prayers, (including Eucharistic Prayers for Masses with children), together with a CD with the soundtrack of the Irish Mass, as an aid to priests. The booklet and its CD were distributed to the clergy of the Archdiocese at the time, but copies are still available.

During 2017, An Coiste prepared a *Cárta Guí*, a prayer card in Irish for First Communicants, with suitable prayers for before and after Communion. This was distributed in 2018 to the Irish medium schools in the Archdiocese of Dublin as a celebration of the Year of the Family.

A booklet on the Sacrament of Reconciliation has been prepared by the Coiste. The booklet is a guide for teachers, chaplains, parishes and parents involved in preparing children for First Confession. When published it will be made available to the Irish medium schools in the Archdiocese and elsewhere.